Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Parlaimint na hEorpa
# An tSlí a dtoghtar FPEnna na hÉireann

Ullmhaithe ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

gov.ie/housing

1. Ionadaíocht i bParlaimint na hEorpa ........ 3
2. Toghlaigh ........ 3
3. Toghcháin chuig an bParlaimint ........ 4
4. Cé ar féidir leo a bheith ina FPE? ........ 4
5. Cé ar féidir leo vótáil ag toghchán Eorpach? ........ 4
6. Socruithe vótála ........ 6
    6.1 Liosta Postvótálaithe ........ 6
    6.2 Liosta Vótálaithe Speisialta ........ 8
7. Cé a riarann an toghchán? ........ 9
8. Ainmniúchán na n-iarrthóirí ........ 9
9. Iarrthóirí ionaid ........ 11
10. Postas saor in aisce d'iarrthóirí ........ 12
11. Síntiúis a nochtadh ........ 12
12. Caiteachas toghcháin ........ 13
13. An vótáil ........ 13
14. Ag Vótáil ........ 14
15. An Comhaireamh ........ 16
16. Torthaí ........ 18
17. Achainí toghcháin ........ 18
18. Corrfholúntais ........ 19
19. Dlí Toghcháin ........ 19
20. Bileoga Eile ........ 19

# 1. Ionadaíocht i bParlaimint na hEorpa

Toghtar Parlaimint na hEorpa chun leasanna 448 milliún saoránach de chuid an Aontais Eorpaigh a chur chun cinn. Tá cumhachtaí reachtaíochta, buiséadacha agus maoirseachta aici lena nglacann sí ról lárnach i bpróiseas reachtaíochta an AE, lena mbíonn tionchar aici ar bhuiséad bliantúil an AE, agus ar mhaoirseacht an gheilleagair.

Bhí toscairí arna n-ainmniú ag parlaimintí náisiúnta na mBallstát sa Pharlaimint ar dtús ach, ó 1979 i leith, toghtar Feisirí de Pharlaimint na hEorpa (FPEnna) go díreach. Thogh Éire 15 FPE ó na chéad toghcháin dhíreacha ach laghdaíodh an uimhir sin go 13 le haghaidh thoghcháin 2004, go 12 le haghaidh toghcháin 2009 agus go 11 le haghaidh toghcháin 2014 mar chuid de phróiseas méadaithe an AE. Ag toghcháin 2019 toghadh 13 FPE, ach níor ghlac an t-iarrthóir deireanach i dtoghlach Bhaile Átha Cliath agus i dtoghlach an Deiscirt a suíocháin go dtí gur fhág an RA an tAE ar an 31 Eanáir 2020.

# 2. Toghlaigh

Toghtar comhaltaí Éireannacha Pharlaimint na hEorpa le ballóid rúnda i dtrí thoghlach faoi chóras aonvóta inaistrithe na hionadaíochta cionmhaire. Is iad seo a leanas na toghlaigh chun 13 chomhalta a thoghadh chuig Parlaimint na hEorpa:

| Toghlach | Líon na gComhaltaí |
|---|---|
| Baile Átha Cliath | 4 |
| An Lár Tíre-An tIarthuaisceart | 4 |
| An Deisceart | 5 |

## 3. Toghcháin chuig an bParlaimint

Bíonn toghcháin dhíreacha chuig Parlaimint na hEorpa ann gach cúig bliana: bhí na chéad toghcháin ann in 1979. Bíonn na toghcháin ar siúl i ngach Ballstát laistigh de thréimhse ceithre lá socraithe ag Comhairle na nAirí. Bíonn na toghcháin ar siúl i mí an Mheithimh de ghnáth ach in 2014 agus 2019 is i mí Bealtaine a bhíodar. Socraíonn an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta lá na vótála agus an tréimhse vótála, ar gá di maireachtáil 12 uair an chloig ar a laghad idir 7 a.m. agus 10.30 p.m

## 4. Cé ar féidir leo a bheith ina FPE?

Tá gach saoránach Éireannach agus gach saoránach cónaitheach de Bhallstát AE eile, atá os cionn 21 bhliain d'aois, nach bhfuil dícháilithe ag dlí an Chomhphobail ná ag dlí náisiúnta agus nach bhfuil ag seasamh mar iarrthóir i mBallstát eile, incháilithe le bheith tofa in Éirinn chuig Parlaimint na hEorpa. Tá daoine a bhfuil téarma príosúnachta á cur isteach acu ar feadh téarma níos faide ná sé mhí dícháilithe ó thoghchán. Ní réitíonn roinnt gairmeacha beatha le comhaltas sa Pharlaimint, mar shampla, Airí agus Airí Stáit, Comhaltaí de Thithe an Oireachtais, comhaltaí de na breithiúna, comhaltaí agus oifigigh d'institiúidí AE éagsúla, státseirbhísigh, comhaltaí lánaimseartha de na Fórsaí Cosanta agus na Gardaí.

Tá saoránaigh Éireannacha a bhfuil cónaí orthu i mBallstát eile i dteideal dul san iomaíocht i dtoghcháin Eorpacha sa tír sin. Níl duine incháilithe, áfach, toghadh chuig an bParlaimint a iarraidh i níos mó ná toghlach amháin nó i níos mó ná tír amháin.

## 5. Cé ar féidir leo vótáil ag toghchán Eorpach?

In Éirinn, tá os cionn 3.3 milliún toghthóir cláraithe i dteideal vótáil i dtoghcháin Eorpacha.

Tá gach saoránach Éireannach agus gach saoránach de Bhallstát AE eile ina bhfuil gnáthchónaí orthu, atá 18 mbliana d'aois nó os a chionn agus a bhfuil a n-ainmneacha ar chlár na dtoghthóirí i dteideal vóta a chaitheamh sa toghlach ina bhfuil gnáthchónaí orthu.

Tá saoránaigh Éireannacha a bhfuil cónaí orthu i mBallstát eile i dteideal vóta a chaitheamh i dtoghchán Eorpacha sa tír sin. Níl duine incháilithe, áfach, vóta a chaitheamh sna toghcháin i níos mó ná toghlach amháin nó i níos mó ná tír amháin.

Ní mór do shaoránaigh AE nach raibh cláraithe chun vóta a chaitheamh ag toghchán Eorpach roimhe seo in Éirinn cur isteach ar chlárúchán agus ní mór foirm dearbhaithe reachtúil (EP1) a chomhlánú. Tá an fhoirm ar fáil ó Comhairlí Contae, Comhairlí Cathrach agus Comhairlí Cathrach agus Contae. Seoltar na dearbhuithe reachtúla chuig Ballstát AE an toghthóra ionas go gcosnófaí i gcoinne vótáil faoi dhó.

Déanann na húdaráis chlárúcháin (comhairlí contae, comhairlí cathrach agus comhairlí contae agus cathrach) Clár na dToghthóirí a chothabháil agus a nuashonrú ar bhonn leanúnach trí shonraí a chur leis, a bhaint de nó a thabhairt cothrom le dáta de réir mar is gá chun clár iomlán cruinn toghthóirí a chinntiú. Tá dualgas ar na húdaráis chlárúcháin freisin an clár a fhoilsiú roimh aon imeacht toghchánach.

Is féidir le duine a c(h)uid sonraí féin a sheiceáil agus a nuashonrú ar an gclár ag am ar bith den bhliain go díreach lena n-údarás clárúcháin nó ag www.checktheregister.ie. Is féidir é sin a dhéanamh den chuid is mó ach úsáid a bhaint as foirm ar líne, nó i gcásanna áirithe ní mór an fhoirm ábhartha a íoslódáil ag www.checktheregister.ie nó a iarraidh ar an údarás clárúcháin.

Sa chás go bhfuil duine ina chónaí nó ina cónaí i mBaile Átha Cliath agus go bhfuil MyGovID fíoraithe aige/aici, is féidir leo dul i dteagmháil lena n-údarás clárúcháin freisin trí www.voter.ie.

I gcás ina seiceálann duine an clár agus go dtagann sé nó sí ar an eolas faoi aon earráidí nó easnaimh sa chlár, ba cheart iad a chur ar an eolas láithreach don údarás clárúcháin ábhartha.

I gcás daoine atá i dteideal vótáil ag toghcháin Eorpacha nach bhfuil ar an gclár nó a bhfuil a sonraí i ndáil lena gclárúchán as dáta, féadfaidh siad clárú nó sonraí a nuashonrú go díreach leis an údarás clárúcháin san áit ina bhfuil gnáthchónaí orthu trí fhoirm a chur isteach, nó ar líne ag www.checktheregister.ie. Féadfar iarratas a dhéanamh ag aon am, ach ionas go measfaí an t-iarratas lena gcur san áireamh ar an gclár do thoghchán Eorpach ar leith, ní mór go bhfaigheadh an t-údarás áitiúil an t-iarratas ar a laghad 15 lá roimh lá na vótála (gan an Domhnach, Aoine an Chéasta agus Laethanta Saoire Poiblí san áireamh) ionas go measfaí é le haghaidh an toghcháin Eorpaigh sin. Tá dátaí deiridh difriúla ann d'iarratais phoist agus iarratais vótála speisialta - féach ar alt 6.1 agus 6.2 thíos.

Is féidir tuilleadh eolais maidir le clár na dtoghthóirí a fháil ar bhileog ar leith, "Clár na dToghthóirí", atá ar fáil sa tsraith seo ar shuíomh gréasáin na Roinne (www.gov.ie/housing).

# 6. Socruithe vótála

Go ginearálta, vótálann toghthóirí go pearsanta ar an láthair ina stáisiún vótála áitiúil, i gcúinsí áirithe áfach, tá na socruithe vótála malartacha seo a leanas ar fáil.

Féadfar toghthóirí a bhfuil míchumais fhisiciúla agus a bhfuil deacracht acu rochtain a fháil ar a stáisiún vótála a údarú le vóta a chaitheamh ag stáisiún atá níos inrochtana sa dáilcheantar. Tá tuilleadh eolais air seo agus ar ghnéithe eile den vótáil le haghaidh daoine le míchumais ar fáil ar bhileog eile sa tsraith seo – “Faisnéis le haghaidh vótálaithe le míchumais”

## 6.1 Liosta Postvótálaithe

Ullmhaíonn agus coinníonn údaráis chlárúcháin liosta postvótálaithe mar chuid de chlár na dtoghthóirí. Tá roinnt eolas, doiciméadacht nó deimhniúcháin

bhreise ag teastáil in iarratais vóta poist - tá difear idir na riachtanais a bhraitheann ar an gcúis don iarratas agus leagtar amach san fhoirm iarratais ábhartha iad.

Maidir leis na daoine sna catagóirí seo a leanas **ní mór dóibh a bheith cláraithe** mar phostvótálaithe:

- baill lánaimseartha d'Óglaigh na hÉireann - féadfaidh baill a bhfuil cónaí air/uirthi sna beairicí míleata a bheith cláraithe sna beairicí nó ag a seoladh baile; agus
- taidhleoirí Éireannacha postaithe thar lear agus a gcéilithe/páirtithe sibhialta - cláraítear ag a seoladh baile in Éirinn iad.

**Féadfaidh** na catagóirí daoine seo a leanas iarratas ar chlárú mar phostvótálaí a dhéanamh:

- baill den Gharda Síochána (fórsa póilíneachta);
- daoine a bhfuil cónaí orthu sa bhaile agus nach bhfuil in ann dul chuig ionad vótaíochta chun vóta a chaitheamh de dheasca breoiteachta nó míchumais;
- daoine ar dócha go gcoiscfidh a ngairmeacha iad ó vótáil ag a stáisiún vótaíochta áitiúil lá toghcháin, lena n-áirítear mic léinn lánaimseartha atá cláraithe sa bhaile agus atá ina gcónaí in áit eile agus iad ag freastal ar fhoras oideachais sa Stát *(faoin socrú seo, cuirtear páipéar ballóide chuig an toghthóir sa bhaile agus caithfidh seisean socrú a dhéanamh go ndéanfaidh Garda a dhearbhú céannachta a fhianú sula marcálfaidh sé an páipéar ballóide agus sula gcuirfear ar ais é leis an bpost chuig an gceann comhairimh.*);
- toghthóirí nach féidir leo vóta a chaitheamh ag a n-ionad vótaíochta de dheasca imthosca bainteach lena dtréimhse choinneála i bpríosún de bhun ordú de chuid na cúirte;
- roinnt baill foirne an toghcháin fostaithe ag ionad vótaíochta lasmuigh den toghcheantar ina bhfuil cónaí orthu; agus
- I gcás go bhfuil duine buartha faoina s(h)ábháilteacht nó faoi shábháilteacht duine dá t(h)each dá bhfoilseofaí a (h)ainm agus a s(h)eoladh baile, féadfaidh iarratas a dhéanamh le bheith mar thoghthóir anaithnid - ní féidir na toghthóirí sin ach vóta a chaitheamh tríd an bpost.

Is féidir iarratas a dhéanamh le bheith ar liosta na bpostvótálaithe tráth ar bith nuair atá an toghthóir incháilithe le haghaidh iontráil ar liosta na bpostvótálaithe, ach is é an dáta is déanaí chun iarratais ar phostvótáil a fháil maidir le hócáid toghcháin ar leith ná -

- dhá lá tar éis dáta lánscor na Dála i gcás olltoghcháin;
- dhá lá tar éis a dhéantar an t-ordú maidir le lá na vótaíochta i gcás corrthoghcháin;
- i gcás toghcháin Uachtaráin, Eorpaigh nó áitiúil nó Reifreann, ní mór iarratas a bheith faighte ag an údarás clárúcháin ar a laghad dhá lá agus fiche roimh lá na vótaíochta (gan an Domhnach, Aoine an Chéasta ná Laethanta Saoire Phoiblí san áireamh).

I gcás ina bhfaighfear iarratas tar éis an ama sin, ní bheidh aon éifeacht aige don imeacht toghcháin sin.

Ní fhéadfaidh toghthóir atá cláraithe mar phostvótálaí vóta chaitheamh ach leis an bpost amháin agus ní san ionad vótaíochta.

## 6.2 Liosta Vótálaithe Speisialta

Ullmhaíonn údaráis chlárúcháin liosta vótálaithe speisialta freisin ina bhfuil toghthóirí a bhfuil tinneas nó míchumas orthu agus a chuireann cosc orthu dul chuig stáisiún vótála chun vóta a chaitheamh agus atá ina gcónaí in ospidéil, i dtithe altranais, i saoráidí meabhairshláinte nó in institiúidí dá samhail ar mian leo vóta a chaitheamh sna háiteanna sin. I gcás an chéad iarratais, ní mór deimhniú ó liachleachtóir cláraithe (amhail dochtúir ginearálta) a bheith ag gabháil leis.

Is féidir iarratas a dhéanamh tráth ar bith nuair atá an toghthóir incháilithe le bheith ar an liosta de vótálaithe speisialta, ach is é an dáta is déanaí chun iarratais ar vóta speisialta a fháil i leith ócáid toghcháin ar leith ná –

- dhá lá tar éis dáta lánscor na Dála i gcás olltoghcháin;
- dhá lá tar éis a dhéantar an t-ordú maidir le lá na vótaíochta i gcás corrthoghcháin;

- i gcás toghcháin Uachtaráin, Eorpaigh nó áitiúil nó Reifreann, ní mór iarratas a bheith faighte ag an údarás clárúcháin ar a laghad dhá lá agus fiche roimh lá na vótaíochta (gan an Domhnach, Aoine an Chéasta ná Laethanta Saoire Phoiblí san áireamh).

I gcás ina bhfaighfear iarratas tar éis an ama sin, ní bheidh aon éifeacht aige don imeacht toghcháin sin.

Caitheann toghthóirí ar an liosta de vótálaithe speisialta vóta ag an ospidéal, teach altranais, san áis mheabhairshláinte nó in institiúid den chineál céanna ina bhfuil cónaí orthu trí pháipéar ballóide a mharcáil arna tugadh chucu ag oifigeach ceannais speisialta in éineacht le Garda.

Sa chás eisceachtúil nach bhfuil rochtain ag an oifigeach ceannais ar ospidéal, teach altranais, áis mheabhairshláinte nó institiúid chomhchosúil an vótálaí speisialta, féadfaidh an ceann comhairimh nósanna imeachta vótála speisialta a chur i bhfeidhm, amhail postvótáil a eisiúint chuig na vótálaithe speisialta atá i gceist.

## 7. Cé a riarann an toghchán?

Tá trí cheann comhairimh do 'thoghlaigh' Eorpacha ann atá freagrach as an toghchán a riaradh i ngach ceann de na trí thoghlach. Ceapann an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta na cinn chomhairimh do 'thoghlaigh' Eorpacha. Tá an fhreagracht ar an gceann comhairimh Eorpach an vótáil a thógáil i ngach contae agus cathair. Ní mór go mbeadh an ceann comhairimh ina c(h)láraitheoir contae nó, i gcás Bhaile Átha Cliath agus Corcaigh, ina s(h)irriamh cathrach nó contae.

## 8. Ainmniúchán na n-iarrthóirí

Is é seachtain amháin nó coicís an tréimhse ainmniúcháin ag brath ar náisiúntacht an iarrthóra. Fágann sé sin am don phróiseas deimhniúcháin a leagtar amach thíos.

- Tosaíonn an tréimhse d'ainmniúchán gach iarrthóra thart ar 6 seachtaine roimh lá na vótála.
- Dúnann an tréimhse seachtaine inar féidir iarrthóirí atá ina náisiúnaigh de Bhallstáit seachas Éire a ainmniú thart ar 5 seachtaine roimh lá na vótála.
- Dúnann an tréimhse coicíse inar féidir iarrthóirí atá ina saoránaigh Éireannacha a ainmniú thart ar 4 seachtaine roimh lá na vótála.

Luafaidh an Fógra Toghcháin arna fhoilsiú ag ceann comhairimh do 'thoghlaigh' Eorpacha na hamanna beachta chun ainmniúcháin a fháil.

Féadfaidh duine é nó í féin a ainmniú mar iarrthóir nó féadfaidh toghthóir amháin ón toghlach iad a ainmniú. Ní féidir iarrthóir a ainmniú ach i dtoghlach amháin. Ní mór go mbeadh deimhniú cleamhnachta polaitíochta ceangailte leis an bhfoirm ainmniúcháin ó iarrthóir do pháirtí polaitíochta cláraithe. Mura bhfuil deimhniú ceangailte léi, ní mór ceann de na nósanna imeachta seo a leanas nó níos mó a chomhlíonadh sula dtéann an t-am chun ainmniúcháin a fháil in éag:

- dearbhuithe reachtúla arna gcríochnú ag 60 aontachtóirí atá cláraithe mar thoghthóirí Eorpacha sa toghlach ábhartha ar gá iad a bheith fianaithe ag Coimisinéir Mionnaí, Feidhmeannach Síochána, Nótaire Poiblí, comhalta den Gharda Síochána nó oifigeach den údarás clárúcháin,

nó

- éarlais €1,800 a thaisceadh ag an iarrthóir, nó duine thar a c(h)eann, leis an gceann comhairimh.

Mura saoránach Éireannach iad an t-iarrthóir, ní mór go mbeadh dearbhú reachtúil (foirm EP3 ar fáil ó cheann comhairimh) in éineacht leis an bpáipéar ainmniúcháin. Beidh dearbhú ann go bhfuil an ceart ag an iarrthóir seasamh mar iarrthóir ag toghchán Eorpach ina Stát baile mar thoradh ar chinneadh breithiúnach aonair, nó cinneadh riaracháin a d'fhéadfadh a bheith faoi réir leighis bhreithiúnacha. Seoltar an fhaisnéis sa dearbhú reachtúil chuig Stát baile an duine lena dheimhniú agus chun dé-iarrthóireacht a sheachaint.

Féadfaidh iarrthóir cleamhnacht páirtí a chur san áireamh sa pháipéar ainmniúcháin. Mura bhfuil aon chleamhnacht páirtí ag iarrthóir, féadfaidh siad cur síos orthu féin mar "Gan Pháirtí" nó féadfaidh siad an spás iomchuí a fhágáil

folamh. Féadfaidh iarrthóir gan pháirtí atá ina c(h)omhalta de ghrúpa polaitíochta i bParlaimint na hEorpa an ainm an ghrúpa sin a chur ar gach páipéar ballóide agus gach fógra. Féadfaidh iarrthóir a g(h)rianghraf a chur ar an bpáipéar ballóide.

Ní mór don cheann comhairimh breithiúnas a thabhairt ar bhailíocht páipéir ainmniúcháin laistigh d'uair an chloig óna thíolacadh. Ceanglaítear ar an gceann comhairimh dul i gcoinne ainm iarrthóra más rud é nach é sin an t-ainm a thugtar ar an duine de ghnáth, má tá an t-ainm sin míthreorach agus gur dhóigh go gcuirfeadh sé daoine amú, má tá sé rófhada nó má tá tagairt pholaitiúil ann. Chomh maith leis sin, ceanglaítear ar an gceann comhairimh dul i gcoinne cur síos ar iarrthóir atá, i dtuairim an oifigigh, mícheart, neamhimleor chun an t-iarrthóir a aithint, rófhada nó má tá tagairt pholaitiúil ann. Féadfaidh an t-iarrthóir nó an ceann comhairimh na sonraí a léirítear ar an bpáipéar ainmniúcháin a leasú. Féadfaidh an ceann comhairimh a rialú go bhfuil páipéar ainmniúcháin neamhbhailí mura bhfuil sé déanta amach go soiléir nó sínithe, mura dtugtar aontú ina leith sa bhealach is gá (i gcásanna iomchuí) nó, i gcás náisiúnaigh ó Bhallstát eile seachas Éire, mura bhfuil an dearbhú riachtanach in éineacht leis maidir le hincháilitheacht chun seasaimh.

## 9. Iarrthóirí ionaid

Líontar corrfholúntais sa Pharlaimint ó liostaí d'iarrthóirí ionaid a chuirtear ar fáil ag an toghchán. Féadfaidh suas le 6 ainm níos mó ná líon na n-iarrthóirí a chuireann an páirtí sa toghlach ar fáil a bheith sa liosta ionaid a chuireann páirtí polaitíochta cláraithe ar fáil: féadfaidh suas le 4 ainm a bheith i liosta ionaid iarrthóir gan pháirtí. Ní mór d'iarrthóir ionaid atá ina náisiúnach de Bhallstát seachas Éire dearbhú reachtúil a dhéanamh mar a leagtar amach i gcuid 8.

Tá tagairt don liosta ionaid gaolmhar san iontráil ar an bpáipéar ballóide maidir le gach iarrthóir. Foilsíonn an ceann comhairimh liosta d'iarrthóirí ionaid agus léirítear cóipeanna i ngach stáisiún vótála. Líontar corrfholúntas leis an duine a bhfuil a (h)ainm ag an bpointe is airde ar an liosta ábhartha d'iarrthóirí ionaid (féach cuid 18 freisin).

## 10. Postas saor in aisce d'iarrthóirí

Tá gach iarrthóir ag toghchán Eorpach i dteideal litir toghcháin amháin a sheoladh saor ó tháille phostais go gach teach sa toghlach. I gcás ina bhfuil iarrthóir amháin nó níos mó ón bpáirtí polaitíochta céanna ag seasamh do thoghchán i dtoghlach, tá siad teoranta do litir thoghcháin amháin. Íocann an Státchiste costas na saoráide sin.

## 11. Síntiúis a nochtadh

Ní mór do FPEnna ráiteas síntiúis a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí gach bliain ag léiriú cibé ar bhfuarthas síntiús os cionn €600 i rith na bliana agus sonraí gach síntiúis á dtabhairt. Is éard atá i síntiúis ná aon ranníocaíocht a dhéantar chun críocha polaitíochta agus féadfaidh gur airgead, maoin, earraí nó seirbhísí a bheadh ann. Tar éis toghcháin do Pharlaimint na hEorpa, ní mór d'iarrthóirí nach n-éiríonn leo ráiteas cosúil a thabhairt maidir le síntiúis a fuair siad ag an toghchán.

Ní mór do chomhalta de Pharlaimint na hEorpa nó iarrthóir ag toghchán Eorpach cuntas síntiús polaitíochta a oscailt in institiúid airgeadais má fhaigheann siad síntiús airgeadais a sháraíonn €100. Ní mór go mbeadh ráiteas ó institiúid airgeadais in éineacht le ráiteas bliantúil an chomhalta **nó** ráiteas iarrthóra nach n-éiríonn leo chomh maith le deimhniú ina luaitear gur taisceadh gach síntiús airgeadais a fuarthas sa chuntas agus gur úsáideadh an méid iomlán a asbhaineadh ón gcuntas chun críocha polaitiúla.

Ní mór do 'dheontóir corparáideach' ar mian leo síntiús níos mó ná €200 a dhéanamh le hiarrthóir, ionadaí tofa, páirtí polaitíochta nó grúpa feachtais tríú páirtí a bheith cláraithe leis an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí. Ní mór go mbeadh ráiteas lena ndearbhaítear gur cheadaigh comhaltaí, páirtithe leasmhara nó iontaobhaithe an chomhlachta atá ag tabhairt síntiúis déanamh an tsíntiúis a bheith in éineacht le síntiús os cionn an mhéid sin ó dheontóir corparáideach cláraithe. Is é €200 an t-uasmhéid ar féidir glacadh leis ó

'dheontóir corparáideach' nach bhfuil cláraithe. Sainmhínítear deontóir corparáideach mar seo a leanas: (i) comhlacht corparáideach, (ii) comhlacht neamhchorpraithe daoine, nó (iii) iontaobhas.

Is ionann an t-uasmhéid ar féidir glacadh leis mar shíntiús airgead tirim sa bhliain chéanna agus €200.

Ní féidir le comhalta de Pharlaimint na hEorpa nó iarrthóir ag toghchán Eorpach glacadh le síntiús a sháraíonn €1,000 in aon bhliain ón deontóir céanna. Tá cosc ar ghlacadh le síntiúis anaithnide os cionn €100 agus ní mór aon síntiús den sórt sin a thabhairt suas don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí.

## 12. Caiteachas toghcháin

Forálann an tAcht Toghcháin, 1997, do theorannú caiteachais i dtoghchán Eorpach. Feidhmíonn rialú caiteachais trí chóras gníomhairí. Ní mór caiteachas ó pháirtí ag leibhéal náisiúnta a dhíriú trí ghníomhaire náisiúnta. Tá gníomhaire toghcháin freagrach as caiteachas thar ceann gach iarrthóra. Is é €230,000 an teorainn caiteachais d'iarrthóir ag toghchán Eorpach.

Ní mór ráiteas scríofa de na costais toghcháin ar fad a chur isteach chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí laistigh de 56 lá de lá na vótála ag an toghchán. Cuirtear ráitis faoi bhráid gach Tí den Oireachas.

## 13. An vótáil

Tá an ceann comhairimh Eorpach freagrach as eagrúchán ginearálta na vótála, as ainmniúcháin a thógáil, as páipéir bhallóide a phriontáil agus as na vótaí a chomhaireamh i ngach toghlach.

Tá an ceann comhairimh Eorpach áitiúil freagrach as na socruithe vótála mionsonraithe sa chomhairle contae, sa chomhairle cathrach nó sa chomhairle cathrach agus contae lena mbaineann. Ceanglaítear ar an ceann comhairimh cárta faisnéise vótála a sheoladh chuig iarrthóirí lena gcuirtear dáta agus am na vótála, a n-uimhir ar chlár na dtoghthóirí agus stáisiún na vótála ag a gcaithfidh

siad vóta in iúl dóibh. Déanann an ceann comhairimh Eorpach áitiúil na socruithe riachtanacha le haghaidh postvótála agus vótálaithe speisialta.

Ceapann comhairlí contae**,** comhairlí cathrach nó comhairlí cathrach agus contae na hionaid vótála. Cuireann an ceann comhairimh Eorpach áitiúil stáisiúin vótála ar fáil ag gach ionad vótála. Úsáidtear scoileanna nó foirgnimh phoiblí de ghnáth. Tógann oifigeach ceannais an vóta ag gach stáisiún vótála agus cabhair á fáil acu ag cléireach vótála. Féadfaidh gníomhaire pearsanaíochta a chabhraíonn le cosc a chur ar chionta toghcháin ionadaíocht a dhéanamh ar gach iarrthóir ag stáisiún vótála.

## 14. Ag Vótáil

Ar lá na vótála, cuireann an toghthóir isteach ar pháipéar ballóide sa stáisiún vótála trína (h)ainm agus seoladh baile a lua. D'fhéadfaí go mbeadh ar an iarrthóir fianaise aitheantais a thabhairt agus, má theipeann orthu é sin a dhéanamh, ní bheidh cead acu vóta a chaitheamh.

Glacfar leis na doiciméid seo a leanas chun críocha aitheantais:

- pas;
- ceadúnas tiomána;
- cárta aitheantais fostaí ar a bhfuil grianghraf;
- cárta aitheantais mac léinn arna eisiúint ag institiúid oideachais agus ar a bhfuil grianghraf;
- doiciméad taistil ar a bhfuil ainm agus grianghraf;
- leabhar Bainc nó Coigiltis nó Comhair Creidmheasa ar a bhfuil seoladh sa dáilcheantar;
- Cárta Seirbhísí Poiblí;

nó na nithe seo a leanas in éineacht le doiciméad breise a dheimhníonn seoladh an tsealbhóra sa toghcheantar

- seicleabhar;
- seic-chárta;

- cárta creidmheasa;
- teastas breithe;
- deimhniú pósta.

I gcás go bhfuil an t-oifigeach ceannais sásta maidir le céannacht an toghthóra, stampáiltear páipéar ballóide le marc oifigiúil agus tugtar don toghthóir é.

Caitheann an toghthóir a vóta faoi rún in urrann vótála. Léirítear ainmneacha na n-iarrthóirí in ord aibítre ar an bpáipéir ballóide, in éineacht lena ngrianghraf, cleamhnacht polaitíochta agus suaitheantas an pháirtí, más ann. Léiríonn an vótálaí ord a rogha trí 1 a scríobh trasna ó ainm a c(h)éad rogha, 2 trasna ó ainm a d(h)ara rogha, 3 trasna ó ainm a t(h)ríú rogha agus mar sin de. Ar an tslí sin, cuireann an vótálaí in iúl don cheann comhairimh a vóta a aistriú chuig iarrthóir a d(h)ara rogha má thoghtar an chéad rogha nó má dhíbrítear iad. Má bhaineann an scéal céanna leis an dara rogha, féadfar an vóta a aistriú chuig an tríú rogha agus mar sin de. Filleann an vótálaí an páipéar ballóide chun an tslí a marcáladh é a cheilt agus cuireann sé/sí isteach i mbosca ballóide atá dúnta go daingean é. Ní féidir le duine vótáil ach aon uair amháin ag an toghchán.

Féadfaidh an t-oifigeach ceannais nó compánach cabhair a thabhairt do dhaoine a bhfuil lagú radhairc nó míchumas fisiciúil orthu nó duine a bhfuil deacrachtaí litearthachta acu. Is féidir le daoine le lagú amhairc úsáid a bhaint as Teimpléad Páipéir Ballóide (atá ar fáil i ngach stáisiún vótaíochta) chun a vóta a chaitheamh. Is gléasanna iad seo gur féidir a cheangal le páipéar ballóide chun a chur ar chumas vótálaithe lagamhairc vótáil go rúnda. Oibríonn Teimpléad an Pháipéir Ballóide i gcomhar le huimhir Shaorghlao 1800 a chuireann an t-éisteoir ar an eolas maidir leis na hiarrthóirí san ord a fhreagraíonn do na huimhreacha ar Theimpléad an Pháipéir Ballóide. Cuirtear an uimhir Saorghlao ar fáil do vótálaithe a bhfuil sé ar intinn acu an teimpléad a úsáid chomh luath agus is féidir tar éis dóibh ainmniúcháin iarrthóra toghcháin a fháil. Fanann an uimhir gníomhach go dtí lá na vótála agus an lá sin san áireamh.

Féadfaidh an t-oifigeach ceannais gabháil aon duine a bhfuil drochamhras ann gur rinneadar cion toghcháin a ordú.

## 15. An Comhaireamh

**Socruithe comhairimh:**

Tugtar gach bosca ballóide chuig ionad comhairimh lárnach do gach toghlach. Ligtear do ghníomhairí na n-iarrthóirí freastal ar ionad comhairimh chun maoirseacht a dhéanamh ar phróiseas an chomhairimh. Sula dtosaíonn comhaireamh na vótaí, osclaítear na clúdaigh litreach ina bhfuil páipéir bhallóide na vótálaithe speisialta i láthair ghníomhairí na n-iarrthóirí agus déantar ceangal idir na páipéir bhallóide agus na páipéir bhallóide eile don toghlach. Osclaítear gach bosca ballóide agus seiceáiltear líon na bpáipéar ballóide i gcoinne tuairisc a sholáthraíonn gach oifigeach ceannais. Meascar go maith ansin iad agus sórtáiltear iad i gcomhréir leis na chéad roghanna do gach iarrthóir, agus páipéir neamhbhailí á ndiúltú. Ní fhógraítear toradh na vótála go dtí go ndúntar an vótáil sa Bhallstát deireanach.

**Cuóta:**

Is é atá sa chuóta ná an t-íoslíon vótaí is gá a fháil chun toghadh an iarrthóra a chinntiú. Cinntítear é trí líon iomlán na bpáipéar ballóide bailí a roinnt ar cheann amháin níos mó ná líon na suíochán atá le líonadh agus vóta amháin a chur leis an toradh. Dá réir sin, dá mbeadh 480,000 páipéar bailí ann agus 3 shuíochán le líonadh, 120,001 a bheadh sa chuóta. Feicfear sa sampla seo nach bhféadfadh ach triúr iarrthóir (an líon atá le tofa) an cuóta a bhaint amach.

**Aistriú Barrachais:**

Ag deireadh an chéad chomhairimh, measfar go bhfuil aon iarrthóir a bhfuil líon vótaí comhionann le nó níos mó ná an cuóta tofa. Má fhaigheann iarrthóir níos mó ná an cuóta, aistrítear an barrachas vótaí go comhréireach chuig na hiarrthóirí atá fágtha sa tslí seo a leanas. Más vótaí céadrogha uile iad vótaí an

iarrthóra, sórtáiltear a p(h)áipéir bhallóide i mbearta ar leith i gcomhréir leis an gcéad rogha eile a léirítear orthu. Déantar beart ar leith as na páipéir nach féidir a aistriú (páipéir nach bhfuil rogha shuntasach éifeachtach léirithe orthu). Má tá an barrachas comhionann le nó níos mó ná líon na vótaí inaistrithe, gheobhaidh gach iarrthóir atá fágtha na vótaí ar fad ó bheart iomchuí na bpáipéar inaistrithe. Má tá an barrachas níos lú ná líon na bpáipéar inaistrithe, gheobhaidh gach iarrthóir atá fágtha líon vótaí a ríomhtar mar seo a leanas ó bheart iomchuí na bpáipéar inaistrithe:-

$$\frac{\text{Barrachas x líon na bpáipéar i mbeart}}{\text{Líon iomlán na bpáipéar inaistrithe}}$$

Má eascraíonn barrachas as na páipéir aistrithe, ní scrúdaítear ach na páipéir sa bheart a aistríodh go deireanach chuig an iarrthóir agus déileáiltear leis an mbeart sin ar an mbealach céanna ansin mar bharrachas ina bhfuil vótaí céadrogha. Má sháraíonn beirt iarrthóirí nó níos mó an cuóta, dáiltear an barrachas mór ar dtús.

**Díbirt Iarrthóra:**

Mura bhfuil barrachas ag aon iarrthóir nó mura bhfuil an barrachas dóthanach chun duine de na hiarrthóirí atá fágtha a thoghadh nó dá gcuirfí isteach ar dhul chun cinn an chomhairimh, díbrítear an t-iarrthóir is ísle atá fágtha agus aistrítear a p(h)áipéir chuig na hiarrthóirí atá fágtha de réir an chéad rogha eile a léirítear orthu. Má tá an páipéar ballóide le haistriú agus is d'iarrthóir a toghadh nó a díbríodh cheana féin é an dara rogha, téann an vóta ar aghaidh chuig an tríú rogha agus mar sin de.

**Críoch an Chomhairimh:**

Leanann comhaireamh ar aghaidh go dtí go líontar gach suíochán. Más ionann an méid suíochán atá le líonadh agus líon na n-iarrthóirí atá fós san iomaíocht, fógraítear go bhfuil na hiarrthóirí sin atá fágtha tofa gan an cuóta a bheith bainte amach acu.

**Athchomhaireamh:**

Féadfaidh ceann comhairimh na páipéir ar fad nó aon cheann de na páipéir a athchomhaireamh ag aon chéim de chomhaireamh. Tá iarrthóir nó gníomhaire toghcháin iarrthóra i dteideal athchomhaireamh páipéar a déileáladh leo ag comhaireamh ar leith a iarraidh nó féadfar a iarraidh go ndéanfaí athchomhaireamh críochnaithe amháin de na bearta páipéar ballóide ar fad. Agus an t-athchomhaireamh á dhéanamh, níor cheart cur isteach ar ord na bpáipéar. Nuair a aimsítear earráid shuntasach, ní mór na páipéir a chomhaireamh as an nua ón bpointe ag a tharla an earráid.

## 16. Torthaí

Nuair a chríochnaítear an comhaireamh, fógraíonn an ceann comhairimh torthaí an toghcháin agus seolann sé/sí ainmneacha na gcomhaltaí tofa chuig an bPríomh-Cheann Comhairimh le haghaidh fógra chuig Parlaimint na hEorpa. Ní fhógraítear toradh na vótála go dtí go ndúntar an vótáil sa Bhallstát deireanach.

## 17. Achainí toghcháin

Ní fhéadfar toradh toghcháin Eorpaigh a cheistiú ach le hachainí chun na hArd-Chúirte. Féadfaidh aon duine atá cláraithe nó atá i dteideal a bheith cláraithe mar thoghthóir Eorpach i dtoghlach iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte laistigh de 14 lá ó fógraíodh toradh an toghcháin chun cead a fháil achainí a thíolacadh. Anuas air sin, féadfaidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí achainí a thíolacadh i gcás ina meastar gur chuir cionta toghcháin a rinneadh isteach ar thoghchán Eorpach.

Ag triail achainí toghcháin, ní mór don Ard-Chúirt toradh ceart an toghcháin a chinneadh agus, chun na críche sin, féadfaidh sí a ordú go n-athchomhairfí na vótaí. Féadfaidh an Chúirt a fhógairt go bhfuil an toghchán ar fad nó cuid de ar

neamhní agus, sa chás sin, beidh toghchán nua ann chun na suíocháin fholmha a líonadh. Tá cinneadh na hArd-Chúirte críochnaitheach, faoi réir achomhairc ar cheist dlí chun na Cúirte Uachtaraí amháin.

## 18. Corrfholúntais

Líontar corrfholúntais a thagann chun cinn in ionadaíocht na hÉireann i bParlaimint na hEorpa ó liosta d'iarrthóirí ionaid a chuireann an t-iarrthóir páirtí nó gan pháirtí a bhuaigh an suíochán sa toghchán roimhe sin ar fáil (féach cuid 9). Líontar an folúntas le duine a sheasann ag an bpointe is airde ar an liosta ábhartha atá incháilithe agus toilteanach a bheith ina FPE. Mura cuireadh aon liosta d'iarrthóirí ionaid ar fáil i ndáil leis an FPE a bhuaigh an suíochán ag an toghchán nó mura féidir an folúntas a líonadh ón liosta ábhartha, féadfaidh Dáil Éireann duine a roghnú chun an folúntas a líonadh ó aon liosta d'iarrthóirí ionaid a chuirtear ar fáil don toghlach sin ag an toghchán.

## 19. Dlí Toghcháin

Tá an dlí maidir le toghadh comhaltaí chuig Parlaimint na hEorpa sa reachtaíocht seo a leanas, arna leasú:

- An tAcht Toghcháin, 1992
- An tAcht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997
- An tAcht Toghcháin, 1997
- An tAcht um Thoghchán, Rialtas Áitiúil agus Pleanáil agus Forbairt, 2013

Is féidir iad sin a fháil ó Fhoilseachán an Rialtais, Oifig na nOibreacha Poiblí, Sráid Jonathan Swift, Baile Átha Troim, An Mhí, nó ag www.irishstatutebook.ie.

## 20. Bileoga Eile

Seo a leanas bileoga eile atá ar fáil sa tsraith seo ar shuíomh gréasáin na Roinne (www.gov.ie/housing):

- An tSlí a dToghtar an tUachtarán
- An Reifreann in Éirinn
- An tSlí a dToghtar an Dáil (Teach na nIonadaithe)
- An tSlí a dToghtar an Seanad
- Conas mar a thoghtar Comhaltaí d'Údaráis Áitiúla
- Clár na dToghthóirí
- Eolas do Vótálaithe faoi Míchumas

**AN ROINN TITHÍOCHTA, RIALTAIS ÁITIÚIL AGUS OIDHREACHTA**

**Bealtaine 2023**

**gov.ie/housing**

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland